



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

## Ealaín

Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% d'iomlán na marcanna don Ealaín

**Dé hAoine, 5 Bealtaine, Maidin 9.30 - 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí **Dé hAoine, 28 Aibreán**

### Treoracha

- Tig leat úsáid a bhaint as dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl sé ceadaithe dathanna ola ná ábhar orgánach neamhbhuan a úsáid, áfach. Níl sé ceadaithe leithéidí stionsal, teimpléad, íomhánna rianaithe, réamhobair ealaíne ná íomhánna fótafrafacha a thabhairt isteach go dtí an scrúdú mar áiseanna.
- Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann chuige sin ar an mbileog A2. Scríobh teideal an pháipéir – ‘Cumadóireacht Shamhlaíoch’ nó ‘Ábhar Neamhbheo’ – díreach faoi bhun na háite a bhfuil do Scrúduimhir.
- Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú**, á dheimhniú go bhfuil sí folamh. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann amháin de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D, E, F. Ní mór duit an túsphointe agus an réasúnaíocht atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua. Ba chóir duit é sin a scríobh ar chúl na bileoige líníochta agus a chur in iúl cén bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat.
2. Déan saothar, **Ábhar Neamhbheo**, bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, F, nó ar fhoireann nithe a mheabhraíonn an sliocht duit. Ní mór duit na nithe ábhartha a thabhairt leat chuig an ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. Ní mór é sin a chur i gcrích in am, roimh thús an scrúdaithe. Ní mór duit an túsphointe agus an réasúnaíocht atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua. Ba chóir duit é sin a dhéanamh ar chúl na bileoige líníochta agus a chur in iúl cén bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat.
3. Déan saothar, **Cumadóireacht Theibí**, bunaithe ar smaoineamh a spreagfaidh ceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, F, ionat nó a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir duit an túsphointe agus an réasúnaíocht atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus a chur in iúl cén bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat. Luaigh go soiléir cé acu atá á leanúint ag do Chumadóireacht Theibí, rogha 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch, nó rogha 2 – Ábhar Neamhbheo.

## Sleachta Tuairisciúla

### Sliocht A

Bhrostaigh Corelia suas na céimeanna, a sciortaí cruinnithe aici sa dá lámh, a cuid slipéar bog gan trup a dhéanamh ar na leacacha, an sclábhaí mná ag rith chun tosaigh. Tháinig Atrilius de thruslóga laistiar díobh. ‘“Cúpla céad coiscéim,”’ a dúirt sé leis féin, ‘“ní haon fhad in aon chor é” – sea go deimhin, ach gach coiscéim de in aghaidh an chnoic!’ Bhí a ionar greamaithe dá dhroim leis an allas. Shroich siad talamh réidh ar deireadh agus, os a gcomhair amach, bhí balla fada ard, dath odhar air agus geata áirse feistithe ann. Bhí dhá dheilf d’iarann saoirsithe os a chionn sin agus iad ag léim chun a chéile a phógadh. Bhrostaigh na mná tríd an ngeata nach raibh aon gharda air, agus lean Atrilius iad tar éis dó sracfhéachaint a thabhairt timpeall. D’imigh sé go tobann ó dhomhan lán gleo agus dusta isteach i ndomhan ciúin gorm a bhain an anáil de. Gach gorm seodmhar a bhronn an Nádúr riamh ar an saol – an turcaid, *lapis lazuli*, an t-indeagó, an tsaifir – bhí siad ag éirí ina sraitheanna roimhe amach, ó na tanalachtaí gléghlana go dtí an t-uisce domhain go dtí fíor ghéar na spéire go dtí an spéir féin. Bhí an *villa* féin spréite amach thíos ar shraith ardán, a chúl le cnoc, a aghaidh leis an mbá; d’aon ghnó a tógadh é ar mhaithe leis an radharc aoibhinn sin. Bhí cúrsóir fiche maide rámha feistithe le caladh, péint chorcairdhearg agus órga uirthi, agus an deic faoi thairpeis ar aon dath léi. Ní mór an t-am a bhí aige chun aon rud eile a thabhairt faoi deara, seachas an ghoirme shlogach sin, sular bhog siad ar aghaidh arís. Corelia a chuaigh chun tosaigh anois á threorú síos thar dhealbha agus scairdeáin uisce agus thar fhaichí féarghlasa, trasna urlár mósáice a raibh gréas d’ainmhithe mara inleagtha ann, agus amach ar léibheann ar a raibh linn snámha. Bhí sí sin gorm freisin, í frámaithe i marmar agus ag gobadh i dtreo na farraige. Bhí liathróid shéidte ag casadh agus ag bualadh go bog in aghaidh na dtíleanna ar na himill, amhail is a tréigeadh ansin sí fágtha i lár cluiche. Bhuail sé go tobann é go raibh cuma thréigthe ar an teach mór agus nuair a tharraing Corelia a aird ar an mbalastráid lena lámh, leag sé a lámha féin go cúramach ar an uchtbhalla cloch agus chrom sé a cheann thairis. Chonaic sé cén chúis a bhí leis. Bhí an chuid is mó de mhuintir an tí cruinnithe ar an gcladach.

Sliocht as *Pompeii* le Robert Harris, a d’fhoilsigh Arrow Books.

### Sliocht B

Tá cuimhne ar leith agam – ní hé an focal cuimhne atá uaim, an rud a bhfuil mise ag smaoineamh air, tá sé róbheo le bheith ina fhíorchuimhne – ar bheith i mo sheasamh sa lána a shíneann síos taobh leis an teach go déanach maidin earraigh agus mé i mo bhuachaill. Tá an lá tais agus é chomh húr le maide scafa. Tá solas fairsing, chomh glan sin go bhfuil sé neamhréadúil, ina luí os cionn gach aon ní, fiú amháin sna crainn is airde is féidir liom na duillí aonair ar leith a dhéanamh amach. Tá líon damháin faoi ualach drúchta ag glioscarnach i dtor. Tagann seanbhean

ag bacadradh anuas an lána, í lúbtha ina dhá leath geall leis, í ag luascadh agus ag athluascadh go mall sa choisíocht pheannaideach aici timpeall ar lúdrach a cromáin ghortaithe. Breathnaím uirthi agus í ag druidim liom. Peig bhocht, níl aon dochar inti, tá sí feicthe go minic agam timpeall an bhaile. Le gach coiscéim chromtha a thugann sí, tugann sí sracfhéachaint in airde agus i leataobh orm, sracfhéachaint ghéar thuairimeach. Tá seál uirthi, seanhata tuí agus péire buataisí rubair atá scolbáilte go mantach ag na rúitíní. Tá ciseán ar iompar aici ar ghéag a láimhe. Nuair a thagann sí chomh fada liom stopann sí agus féachann in airde orm go díocasach de leathshúil teaspaign, a teanga ar taispeáint, agus déanann sí rud éigin a mhungailt nach féidir liom a dhéanamh amach. Taispeánann sí an ciseán dom, é lán de mhuisiriúin atá pioctha aici sna goirt, iad á dtairiscint aici dom le ceannach, b'fhéidir. Gorm tréigthe, tréshoilseach beagnach, an dath atá ar a cuid súl, dála mo chuid féin anois. Tá sí ag feitheamh go labhróidh mé, iarracht de shaothar anála uirthi, agus nuair nach ndeirim dada, nuair nach dtairgim faic di ach oiread, ligeann sí osna, croitheann a ceann seanda agus imíonn léi arís ag bacadradh go peannaideach, agus í ag cloí le himeall an fhéir. Cad a chuaigh i gcion orm chomh mór sin an nóiméad sin? An t-aer lán de sholas lonrach luisniúil, b'fhéidir, an solas fairsing úd, meadhráin an earraigh le brath mórtimpeall orm ar fad? An seanbhacach mná, an t-ansiúdachas dothuigthe a bhain léi? Bhí rud éigin ag borradh ionam, caithréim gan oibiacht ar bith.

Sliocht as *Eclipse* le John Banville, a d'fhoilsigh Picador.

## Sliocht C

Bhí thuas seal thíos seal ag baint riamh le cúrsa luaineach Kieran Fallon mar mharcach, ach beidh cuimhne speisialta ar na trí bhua nótaílte aige inné i rásaí Ghrúpa a hAon in Longchamp, agus go háirithe ar a bhua éachtach sa Prix de l'Arc de Triomphe a scuab sé leis ar Hurricane Run.

Chuir Fallon barr buacach lúcháireach ar éachtaí a chéad séasúir mar mharcach in impireacht an Chúil Mhóir nuair a bhuaigh sé ar an dá chapall sin a thraenáil Aidan O'Brien, Horatio Nelson agus Rumpelstiltskin, dhá chapall a bhfuiltear ag cur a ndóchais iontu sna clasaicí. Ach, níos tábhachtaí ná sin féin, bhuaigh sé an Arc den chéad uair ar chapall a d'fhéadfadh a bheith fós ina fhathach i stair rásaíochta na haimsire seo.

Bhí cuma chomh maith sin ar Hurricane Run le fírinne. Agus Hurricane ag tonnadh roimhe ón gcúl gur sháraigh sé a raibh sa rás agus gur chloígh sé scoth na gcapall le húdarás iomlán, mheabhraigh sé tréithe a athar folaíochta, Montjeu, dúinn, laoch an Arc i 1999. “Ceapaim nach raibh capall chomh breá leis riamh fúm, agus siúl coise faoi mar atá,” arsa Fallon go gliondrach. “Bocsáladh siar mé i dtosach an ráis, níos sia siar go mór ná mar ba mhaith liom, ach bhí an t-ádh dearg orm leis an gcapall. Istigh atá an cóngar is tapúla, ach bhuaifinn is cuma cá rachainn leis.”

Sliocht le Brian O'Connor as *The Irish Times*.

## Sliocht D

‘Tá an scéal simplí. Tá a fhios agam d’ainm, agus tá a fhios agatsa m’ainmse, uair dá raibh: Eiji Miyake. Sea, an Eiji Miyake *úd*. Daoine broidiúla is ea an bheirt againn, Ms Kató, mar sin caithimis uainn an mhionchaint? Ag lorg m’athar a tháinig mé go Tóiceo. Tá a ainm agus a sheoladh agat. Agus tabharfaidh tú dom araon iad. *Anois díreach.*’ Nó a leithéid. Imíonn réaltra uachtair ina stríoca i mo chupán caife, agus géaraíonn an fócas ar an gcabaireacht sa chúlra. An chéad mhaidin agam i dTóiceo agus seo liom chun tosaigh orm féin mé. Tá gáire am lóin ag plabadh i gCaife Jupiter, comhchealga na hAoine, sásair ag clingeadh. Drónanna ag tafann i bhfóin phóca. Drónanna baineanna ag prapáil a nguthanna teipthe chun banúlachta breise. Caife, ceapairí bia mara, glantach, gal. Tá radharc trasna na sráide agam ar phríomhdhoirse Pan Opticon. Radharc suntasach ar fad, an teach spéire gotach siorcóiniam seo. Na hurláir in uachtar faoi néalta. Faoina chlúdach teann séideann Tóiceo gal – 34°C agus taise 86%. Sin é a deir clár mór taispeána leictreonach Panasonic. Tá Tóiceo chomh mór sin i d’aghaidh nach féidir í a fheiceáil i gcónaí. Gan aon fhaid. Tá gach aon ní os do chionn in airde – *fiaclóirí, kindergartens*, stiúideonna damhsa. Tá na bóithre agus na bealaí do choisithe féin crochta ar chosa croise. An Veinéis agus an t-uisce draenáilte chun siúil. Dreapann scáileanna eitleán os cionn foirgneamh scáthánaithe. Cheapas riamh go raibh Kagoshima ollmhór, ach shlogfaí é i gcúl-lána in Shimjuku. Deargaim toitín – Kool, an branda a roghnaigh baidhcéir romham sa scuaine – agus breathnaím ar an trácht agus ar dhaoine ag gabháil thart ar an ngabhal idir Ascaill Omekaido agus Sráid Kita. Drónanna faoi chultacha *pinstripe*, gruagaire agus a liopa tréthollta, druncaeir an mheán lae, mná tí faoi ualach leanaí. Gan oiread is duine ina sheasamh go socair. Sliocht as *Number 9 Dream* le David Mitchell, a d’fhoilsigh Hodder and Stoughton.

## Sliocht E

D’ardaigh cuaifeach mór cuirtíní sneachta i leataobh, agus isteach san áit a glanadh a léim Iorek Byrnison, iarann ag clingireacht agus ag scréachaíl ar iarann. Nóiméad níos deireanaí agus shnap na gialla ollmhóra ar clé, ar dheis, shrac lapa cliabh máilleach ar oscailt, fiacra bána, iarann dubh, fionnadh rua fliuch –

Ansin bhí rud éigin á sracadh suas in airde go láidir, *suas*, agus rug sí greim ar Roger freisin, á shracadh as lámha Mrs Coulter agus chloígh go dlúth de, agus sprid choimhdeachta gach páiste ina éan scréachaí ag eiteallaigh le hiontas de réir mar a scuab eiteallach níos mó mórthimpeall orthu, agus ansin chonaic Lyra cailleach taobh léi san aer, ceann de na scáileanna dubha galánta gioblacha sin ón aer ard, ach í cóngarach go leor chun teagmháil léi; agus bhí bogha ina lámha loma ag an gcailleach, agus bhain sí síneadh as géaga loma mílítheacha na lámh (san aer feannta

seo!) agus tharraing sí an téad agus scaoil saighead isteach i gcaol na súl ag Tartar máilleach grainceach gan é ach trí troithe uaithi –

Agus siúd leis an tsaighead isteach cinn agus leathshlí amach ar gcúl, agus ghlan sprid mac tíre an fhir as radharc i lár na léimní sular bhuail sé an talamh.

Suas! Teanntaíodh agus scuabadh Lyra agus Roger suas sa spéir, agus greim acu le méara a bhí ag lagú ina neart ar bhrairse scamall-ghiúise, áit a raibh an chailleach óg ina suí go teann agus í grástúil cothrom, agus ansin chrom sí agus ar clé agus bhí rud ollmhór éigin ag taibhsiú agus b'iúd an talamh.

Chuaigh siad ag iomlasc isteach sa sneachta taobh le ciseán balúin Lee Scoresby.

“Scipeáil isteach,” arsa an Téacsach, “agus tabhair leat do chara i do theannta, agus fáilte. An bhfaca sibh an béar sin?” Thug Lyra faoi deara go raibh rópa á choinneáil ag trí chailleach agus é casta timpeall ar charraig, agus é mar ancaire le talamh ag an ngás-mhála ollmhór ar snámh.

“Isteach leat!”, a liúigh sí ar Roger, agus d'imigh sí de sciob sceab thar imeall leatharchumhdaithe an chliabháin agus thuirling i gcarn lán sneachta istigh. Faoi cheann nóiméid eile thuirling Roger sa mhullach uirthi, agus ansin bhain fothram fíochmhar, leathshlí idir bheith ina bhúireadh agus ina ghrúscán, croitheadh as an talamh féin.

“Téanam ort, Iorek! Seo, isteach leat, a sheanbheir!” a liúigh Lee Scoresby, agus seo thar an imeall leis an mbéar a bhain díoscán uafar as an gliabhán agus as an adhmaid a bhí ag lúbadh...

Díreach os a gcionn bholg an balún amach i gcuair ollmhór. Os a gcionn agus chun cinn, bhí an Aurora ina bhladh lasrach agus é níos gile agus níos galánta ná mar a chonaic sí riamh cheana é. Bhí sé mórthimpeall orthu ar fad, nó geall leis de, agus ba bheag ná gur chuid de iad. Chroith stráicí ollmhóra gealbhruthaíola agus scar siad mar a dhéanfadh sciatháin aingeal agus iad ag eitilt; thuirling glóir lonrach ag iomlasc mar easa ina gcreaga anuas i linnte guairneánacha nó mar a bheidís crochta ar chuma easanna ollmhóra.

Bhain sé sin cnead as Lyra, agus d'fhéach sí síos, agus chonaic sí radharc a bhí níos iontaí fós, beagnach. Fad radharc na súl uaithi, go dtí fíor na spéir i ngach treo, bhí muir gheal onfaise ag síneadh gan aon bhriseadh. D'éirigh mullaí boga agus duibheagáin smúitiúla nó d'oscail siad anseo is ansiúd ach is mó ar fad a bhí cuma mhais sholadach oighir air mar radharc.

Agus ag éirí tríd ina gceann is ina gceann dóibh agus ina ngrúpaí níos mó lena gcois a tháinig scáileanna beaga dubha, na fíoracha gioblacha galánta úd, cailleacha ar a mbrainsí scamall-ghiúise.

D'eitil siad go mear, gan aon stró, in airde i dtreo an bhalúin, ag luí ó leataobh go chéile i mbun na stiúrach. Agus sheol duine díobh, an saighdeoir a tharrtháil Lyra ó Mrs Coulter, sheol sí díreach le cliathán an chliabháin, agus chonaic Lyra i gceart í den chéad uair.

Bhí sí óg – níos óige ná Mrs Coulter; bhí sí fionn agus súile geala glasa aici; agus í feistithe ar chuma gach caillí i síoda dubh stialta, ach gan aon fhionnadh uirthi, gan cochall ná mitíní. Ní raibh cuma an fhuachta uirthi. Bhí fainne simplí de bhláthanna beaga dearga timpeall ar a clár

éadain. Shuigh sí ar a brainse scamall-ghiúise faoi mar gur each é, agus shrian sí é, a déarfá, slat ó amharc iontasach Lyra.

“Lyra?”

“Sea! Agus an tusa Sefarina Pekkala?”

“Is mé.”

Thuig Lyra cén fáth ar thug Farder Coram grá di, agus cén fáth a raibh a chroí briste aici, cé nach raibh a fhios aici ceachtar den dá rud sin nóiméad roimhe sin. Bhí sé ag dul san aois; seanfhear croíbhriste ba ea é; agus mhairfeadh a hóige siúd go ceann na nglúnta.

Sliocht as *Northern Lights* le Philip Pullman, a d’fhoilsigh Scholastic.

## Sliocht F

Bhí Katie ag tnúth le tuirlingt ar an oileán agus cupán caife a bheith aici. An *latte* nó *cappuccino* nó *espresso* dúbailte a bheadh aici? Bhí seanchairt ina seasamh lasmuigh den chaife agus í ag brúchtadh le geiréiniamaí, lóibéilianna agus peatúiniacha. Bhí potaí ollmhóra glónraithe gorma, iad lán de bhláthanna sciamhacha, cliathánach leis na boird amuigh.

Bhí sé beagán fuar agus chuaigh Katie isteach. Bhí roinnt seandrisiúr éagsúil istigh faoi ualach gréithe seanda poircealláin; cupáin, sásair, plátaí agus bailiúchán ollmhór taephotaí. Tugadh an caife amach i mugaí criaga gorma a bhí cruachta ar sheilfeanna laistiar den chuntar.

Cad a bheadh aici le hithe leis an gcaife? Scónaí úra as an oigheann agus subh baile le huachtar, nó mionbhruar úll, nó arán donn breá cnómhar. Roghnódh sí an rud ab ansa léi, muifín seacláide agus oráiste a riarfaí le huachtar.

Le caointhead Mary Dowling.

# LEATHANACH BÁN